2025/1003

22.5.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1003 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Eanáir 2025

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraí tagartha sainaitheanta i dtaca le díorthaigh thar an gcuntar atá le húsáid chun críocha na gceanglas trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 8a(2) agus in Airteagail 10 agus 21

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ([1])agus go háirithe Airteagal 27(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart go gcuirfeadh sonraí tagartha sainaitheanta ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar agus babhtálacha mainneachtana creidmheasa thar an gcuntar a shainaithint chun críocha na gceanglas trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 8a(2), agus Airteagail 10 agus 21 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

(2) Ba cheart go gcuirfeadh sonraí tagartha sainaitheanta ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla idirdhealú a dhéanamh idir díorthaigh thar an gcuntar i dtéarmaí aicme sócmhainne, trína léiriú an bhfuil díorthach thar an gcuntar ag tagairt do ráta, creidmheas, rátaí malairte eachtraí, cothromais, tráchtearraí, nó aicmí sócmhainne neamhchaighdeánacha eile.

(3) Ba cheart go gcuirfeadh sonraí tagartha sainaitheanta ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla díorthaigh thar an gcuntar a idirdhealú ó thaobh an chineáil ionstraime de trína léiriú an babhtáil, céadrogha nó conradh réamhcheaptha é díorthach thar an gcuntar.

(4) Ba cheart go gcuirfeadh sonraí tagartha sainaitheanta ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla idirdhealú a dhéanamh idir babhtálacha ráta úis thar an gcuntar i dtéarmaí an chineáil sócmhainne foluití, trína léiriú, bunaithe ar ISO 10962 (AIA) 2021, cibé acu an babhtáil ráta sheasta le ráta comhlúthach, babhtáil ráta sheasta nó bonnbhabhtáil (bonn) é díorthach ráta úis thar an gcuntar.

(5) Ba cheart go gcuirfeadh sonraí tagartha sainaitheanta ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla idirdhealú a dhéanamh idir babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar i dtéarmaí airgeadra bharúlaigh, trína léiriú an bhfuil babhtáil rátaí úis thar an gcuntar ainmnithe in aon cheann de na ceithre airgeadra dá dtagraítear in Airteagal 8a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus, más amhlaidh go bhfuil, tríd an airgeadra ábhartha a shainaithint faoi threoir chód airgeadra trí charachtar ISO 4217.

(6) Ba cheart go gcuirfeadh sonraí tagartha sainaitheanta ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla idirdhealú a dhéanamh idir babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar i dtéarmaí cineál seachadta, trí ISO 10962 (AIA) 2021 a úsáid chun a chinneadh an bhfuil babhtáil rátaí úis thar an gcuntar inseachadta (fisiciúil) nó neamh-inseachadta (airgead tirim).

(7) Ba cheart go gcuirfeadh sonraí tagartha sainaitheanta ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla an sceideal barúlach le haghaidh babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar a shainaithint trí úsáid a bhaint as ISO 10962 (AIA) 2021 chun a léiriú cé acu an bhfuil sceideal barúlach tairiseach, fuilleach, amúchta nó saincheaptha ag an mbabhtáil nó nach bhfuil.

(8) Ba cheart go gcuirfeadh sonraí tagartha sainaitheanta ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla idirdhealú a dhéanamh idir babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar i dtéarmaí a rátaí tagartha foluiteacha.

([1]) IO L 173, 12.6.2014, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/600/oj.

(9) Ba cheart go gcuirfeadh sonraí tagartha sainaitheanta rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla ar an eolas faoi théarmaí caighdeánacha gnó áirithe a bhaineann leis an ráta tagartha foluiteach. Ba cheart go léireodh na coinbhinsiúin chaighdeánacha ghnó ábhartha na heilimintí sonraí criticiúla (ESC) a shainítear i dtreoraíocht theicniúil athbhreithnithe ESC an Choiste Formhaoirseacht Rialála (CFR) toisc go bhfuil na tréithe sin caighdeánaithe, go dtacaítear leo ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus go gcoinníonn CFR iad. Is iad seo a leanas na ceithre ESC: (i) an coinbhinsiún is infheidhme maidir le laethanta seasta a áireamh, (ii) minicíocht na híocaíochta seasta, (iii) an coinbhinsiún maidir le laethanta comhlúthacha a áireamh, (iv) minicíocht na híocaíochta comhlúthaí.

(10) Chun babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar nach bhfuil i gcomhréir leis na téarmaí caighdeánacha gnó a bhaineann lena rátaí tagartha foluiteacha a shainaithint, ba cheart go bhféadfaí freisin, trí shonraí tagartha sainaitheanta, an coinbhinsiún maidir le lá gnó a choigeartú, an aga moille socraithe, an féilire íocaíochta agus nach bhfuil aon íocaíochtaí breise sa chonradh a chinneadh.

(11) Ba cheart go gcuirfeadh sonraí tagartha sainaitheanta ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla idirdhealú a dhéanamh idir babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar maidir le téarma na rátaí tagartha foluiteacha, trí théarma an ráta tagartha fholuitigh a shainaithint i laethanta, seachtainí, míonna, nó blianta, de réir mar is infheidhme.

(12) Ba cheart go gcuirfeadh sonraí tagartha sainaitheanta ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla idirdhealú a dhéanamh idir babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar le téarmaí caighdeánacha i dtaca le rátaí tagartha foluiteacha, trí na téarmaí caighdeánacha is infheidhme maidir le gach ceann de na rátaí tagartha foluiteacha a léiriú.

(13) Ba cheart go gcuirfeadh sonraí tagartha sainaitheanta ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla a chinneadh an dtugtar babhtáil ráta úis thar an gcuntar i gcrích le haghaidh ceann de na téarmaí bliana iomláine faoi raon feidhme Airteagal 8a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. I gcás ina dtugtar babhtáil ráta úis thar an gcuntar i gcrích le haghaidh téarma bliana iomláine, ba cheart do shonraí tagartha sainaitheanta téarma an chonartha arna shloinneadh mar shlánuimhir a shainaithint agus an t-aonad tréimhse ama is infheidhme a léiriú.

(14) Ba cheart go gcuirfeadh sonraí tagartha sainaitheanta ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla a chinneadh an bhfuil babhtáil ráta úis thar an gcuntar spot-tosaithe, i.e., an dtagann sí i bhfeidhm tar éis 2 lá gnó de ghnáth tar éis an conradh a thabhairt i gcrích, nó an bhfuil sí réamhthosaithe, rud a chiallaíonn go dtagann an conradh babhtála ráta úis thar an gcuntar i bhfeidhm ag aon dáta tosaigh eile a chomhaontaítear go conarthach.

(15) Ba cheart go gcuirfeadh sonraí tagartha sainaitheanta ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla a chinneadh an mbaineann babhtáil úis thar an gcuntar úsáid as an bhféilire, as an Margadh Airgeadaíochta Idirnáisiúnta nó as aon choinbhinsiún (neamhchaighdeánach) eile maidir le hathsceidealú dátaí.

(16) Níor cheart an dáta éaga laethúil ná an dáta éifeachtach babhtála ráta úis a áireamh i sonraí tagartha sainaitheanta le haghaidh babhtálacha ráta úis thar an gcuntar toisc go gcuireann tréithe den sórt sin cosc ar chomparáid fhiúntach praghsanna le haghaidh babhtálacha ráta úis thar an gcuntar.

(17) Aitheantóir uathúil táirge a comhaontaíodh ar fud an domhain is ea Aitheantóir Uathúil Táirge (AUT) ISO 4914 a forbraíodh mar uirlis aitheantais le haghaidh babhtálacha mainneachtana ráta úis agus creidmheasa thar an gcuntar chun comhiomlánú riosca sonraí ag stórtha trádála a éascú ar fud margaí díorthach domhanda thar an gcuntar. Mar sin féin, níl na sonraí tagartha sainaitheanta eile is gá chun babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar a shainaithint i gceart in ISO 4914 (AUT) le haghaidh babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar chun críocha na gceanglas trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 8a(2), agus in Airteagail 10 agus 21 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. Dá bhrí sin, ba cheart ISO 4914 (AUT) a chomhlánú leis na sonraí tagartha sainaitheanta eile sin. Chun na críche sin, le hAirteagal 27(3) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, tugtar de chumhacht don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ('ESMA') dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun a shonrú, i measc nithe eile, caighdeáin agus formáidí sonraí le haghaidh na sonraí tagartha ionstraime airgeadais, lena n-áirítear na modhanna agus na socruithe chun na sonraí agus aon nuashonrú orthu a sholáthar do ESMA agus a tharchur chuig údaráis inniúla, agus foirm agus inneachar na sonraí sin. Áirítear leis na modhanna agus na socruithe chun na sonraí tagartha sainaitheanta a sholáthar an rogha chun a cheangal go ndéanfar na sonraí tagartha sainaitheanta uile a leagtar amach sa Rialachán seo a thuairisciú mar chuid d'aitheantóir uathúil.

(18) Chun go mbeifear in ann ailíniú a dhéanamh idir an Rialachán seo agus an Rialachán Tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 27(3) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus chun dóthain ama a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh agus d'údaráis inniúla na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun na ceanglais maidir le sonraí tagartha a chomhlíonadh, ba cheart babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar agus babhtálacha mainneachtana creidmheasa thar an gcuntar a shainaithint leis na sonraí tagartha sainaitheanta a leagtar amach sa Rialachán seo ón 1 Meán Fómhair 2026.

(19) Le hAirteagal 27da(1), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, ceanglaítear ar ESMA tús a chur leis an nós imeachta roghnúcháin chun soláthraí teilitéipe comhdhlúite aonair a cheapadh le haghaidh díorthaigh thar an gcuntar nó fo-aicmí ábhartha de dhíorthaigh thar an gcuntar laistigh de 3 mhí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tráth nach luaithe ná 6 mhí ó thionscnamh an nós imeachta roghnúcháin chun soláthraí teilitéipe comhdhlúite aonair a cheapadh le haghaidh scaireanna agus cistí arna dtrádáil ar an malartán. Chun a áirithiú go seolfar an nós imeachta roghnúcháin go tráthúil chun soláthraí teilitéipe comhdhlúite aonair a cheapadh do dhíorthaigh thar an gcuntar nó d'fho-aicmí ábhartha de dhíorthaigh thar an gcuntar, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sonraí tagartha sainaitheanta le haghaidh babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar agus babhtálacha mainneachtana creidmheasa thar an gcuntar

1. Ón 1 Meán Fómhair 2026, chun críocha na gceanglas trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 8a(2), agus in Airteagail 10 agus 21 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, úsáidfear na sonraí tagartha sainaitheanta le haghaidh babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar a leagtar amach i dTábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Ón 1 Meán Fómhair 2026, chun críocha na gceanglas trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 8a(2), agus in Airteagail 10 agus 21 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, áireofar freisin Aitheantóir Uathúil Táirge (AUT) ISO 4914 sna sonraí tagartha sainaitheanta le haghaidh babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar agus babhtálacha mainneachtana creidmheasa thar an gcuntar.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Tábla 1

Sonraí tagartha sainaitheanta le haghaidh babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar atá faoi réir na gceanglas trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 8a(2), agus in Airteagail 10 agus 21 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014

	Sonraí tagartha sainaitheanta	Treoracha
1	Aicme sócmhainní	Chun a chinneadh an bhfuil díorthach thar an gcuntar ag tagairt do ráta, creidmheas, rátaí malairte eachtraí, cothromais, tráchtearraí, nó aicmí sócmhainne neamhchaighdeánacha eile.
2	Cineál ionstraime	Chun a chinneadh an babhtáil, céadrogha nó réamhchonradh é díorthach thar an gcuntar.
3	An cineál sócmhainne foluití	Chun a chinneadh an babhtáil ráta sheasta ar ráta comhlúthach, babhtáil ráta sheasta, nó bonnbhabhtáil (bonn) í babhtáil ráta úis thar an gcuntar.
4	Airgeadra barúlach	Chun a chinneadh an ainmnítear babhtáil ráta úis thar an gcuntar in aon cheann de na ceithre airgeadra dá dtagraítear in Airteagal 8a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus chun an t-airgeadra ábhartha a shainaithint.
5	Cineál seachadta	Chun a chinneadh an bhfuil babhtáil ráta úis thar an gcuntar inseachadta (fisiciúil) nó neamh-inseachadta (airgead tirim).
6	Sceideal barúlach	Chun a chinneadh cé acu an bhfuil sceideal barúlach tairiseach, fuilleach, amúchta nó saincheaptha ag an mbabhtáil nó nach bhfuil.
7	An ráta tagartha foluiteach	An ráta agus téarma an ráta dá dtagraíonn an bhabhtáil ráta úis thar an gcuntar a shainaithint.
8	Téarmaí caighdeánacha gnó a bhaineann leis an ráta tagartha foluiteach	Na téarmaí caighdeánacha gnó a bhaineann le gach ceann de na rátaí tagartha foluiteacha a shainaithint.Sonraítear i dTábla 2 na téarmaí gnó caighdeánacha le haghaidh na rátaí tagartha le haghaidh babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar faoi réir na gceanglas trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 8a(2), agus in Airteagail 10 agus 21 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.
9	Téarma conarthach	Chun a chinneadh an bhfuil téarma conarthach i dtaca le babhtáil ráta úis thar an gcuntar ar cheann de théarma bliana iomláine faoi raon feidhme Airteagal 8a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. I gcás ina dtugtar babhtáil ráta úis thar an gcuntar i gcrích le haghaidh téarma bliana iomláine, chun téarma an chonartha arna shloinneadh mar shlánuimhir agus an t-aonad tréimhse ama is infheidhme a chinneadh.
10	An Dáta Éifeachtach a Fhritháireamh	Chun a chinneadh an spotbhabhtáil í babhtáil ráta úis thar an gcuntar (dhá lá gnó tar éis na conclúide de ghnáth) nó babhtáil réamhthosaithe (aon dáta tosaigh comhaontaithe eile).
11	Coinbhinsiún maidir le hAthsceidealú Dátaí	Chun a chinneadh an úsáideann babhtáil úis thar an gcuntar an féilire, an Margadh Airgeadaíochta Idirnáisiúnta nó aon choinbhinsiún eile maidir le hathsceidealú dátaí (neamhchaighdeánach).

Tábla 2

Téarmaí gnó caighdeánacha le haghaidh na rátaí tagartha i dtaca le babhtálacha rátaí úis thar an gcuntar faoi réir na gceanglas trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 8a(2), agus in Airteagail 10 agus 21 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014

Aicme an Ráta Tagartha	EUR-EURIBOR		EUR-EuroSTR		USD-SOFR		GBP-SONIA		JPY-TONA	
An Coinbhinsiún maidir le Lá Gnó a Choigeartú	Modhnú an Lá Gnó dár gcionn		Modhnú an Lá Gnó dár gcionn		Modhnú an Lá Gnó dár gcionn		Modhnú an Lá Gnó dár gcionn		Modhnú an Lá Gnó dár gcionn	
Coinbhinsiún maidir le Laethanta Seasta a Áireamh	30360 (ISDA)		Act360		Act360		Act365.FIXED		Act365.FIXED	
Minicíocht na hÍocaíochta Seasta	Bliantúil		Bliantúil		Bliantúil		Bliantúil		Bliantúil	
Coinbhinsiún maidir le Laethanta Comhlúthacha a Áireamh	Act360		Act360		Act360		Act365.FIXED		Act365.FIXED	
Minicíocht na hÍocaíochta Comhlúthaí	Leathbhliantúil (6M RR)/Ráithe (3M RR)		Bliantúil		Bliantúil		Bliantúil		Bliantúil	
An Aga Moille Socraithe	2BD		0BD		0BD		0BD		0BD	
Féilire Socraithe	EUTA		EUTA		USGS		GBLO		JPTO	
Féilire Íocaíochta	EUTA		EUTA		USNY		GBLO		JPTO	
Íocaíochtaí Breise	GAN SONRAÍ		GAN SONRAÍ		GAN SONRAÍ		GAN SONRAÍ		GAN SONRAÍ	
Coinbhinsiún maidir le hAthsceidealú Dátaí	STD	IMM	STD	IMM	STD	IMM	STD	IMM	STD	IMM
An Dáta Éifeachtach a Fhritháireamh	2BD	Ar aghaidh	2BD	Ar aghaidh	2BD	Ar aghaidh	0BD	Ar aghaidh	2BD	Ar aghaidh